Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/281

8.2.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 215/2021**

**an 9 Iúil 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/281]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE agus Rialacháin (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) 2017/1129 a mhéid a bhaineann le húsáid margaí fáis FBManna a chur chun cinn ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 ([2]), a ionchorpraíodh i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 190/2019 ó Chomhchoiste LEE an 10 Iúil 2019 ([3]), ba cheart é a chur isteach freisin mar ghníomh leasaitheach le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 29a (Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   ‘, arna leasú le:

   — **32016 R 1011**: Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1),

   — **32019 R 2115**: Rialachán (AE) 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 (IO L 320, 11.12.2019, lch. 1).’

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 29bd (Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   ‘, arna leasú le:

   — **32019 R 2115**: Rialachán (AE) 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 (IO L 320, 11.12.2019, lch. 1).’

3. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 31ba (Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   ‘- **32019 R 2115**: Rialachán (AE) 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 (IO L 320, 11.12.2019, lch. 1).’

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2019/2115 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 320, 11.12.2019, lch. 1.
([2]) IO L 171, 29.6.2016, lch. 1.
([3]) IO L 235, 12.9.2019, lch. 9.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Iúil 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Rolf Einar FIFE

---

* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.